

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T45
Ainm an Agallaí	Dónall Ó Cnáimhsí
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	25/07/2006
Suíomh an Agallaimh	Doire Sheanaigh, An Ghallbhuaille
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)**(sos)****(--) , Tosach lochtach****' _____ , Focal dothuigthe****' _____ +' Níos mó ná focal amháin dothuigthe****.... Beirt ag caint ag an am amháin****[] Nótá déanta ag an tras-scríbhneoir**

DAN: Á Seán Bán, ní raibh, ní raibh amharc na súl aigesan. Bhí droch amharc súl aige. Agus chuaigh sé na scoile, fuair siad péire gloiní do lá, am amháin agus cuireadh na scoile é ach bhris sé na gloiní an chéad lá (gáire), ní dheachaigh sé na scoile níos mó.

DÓNALL: (Gáire)

DAN: Agus ó, cibé dóigh ar fhoghlaim sé, bhí neart léinn aige, bhí.

DÓNALL: Bhí sé chomh nádúrtha.

DAN: Chumadh sé amhráin i nGaeilge ná i mBéarla ná rud ar bith mar sin, bhí. Á, bhí sé iontach cliste. Bhí. Agus bhí Joe, bhí Joe thar a bheith cliste.

DÓNALL: Déarfainn go raibh.

DAN: Á, bhí. Bhí seisean, bhí mé ag inse duit fan oíche a bhí, tháinig an fear siúil isteach thíos i gCarraig Finne.

DÓNALL: Inis an scéal sin domh.

DAN: *Aye* agus chuaigh sé isteach ag fear ansin, c'ainm seo, Niall Óg Niall Antoin a ba ghnách, an t-ainm a bhí air, a bhéarfadh siad air thíos ansin ar scor ar bith. Ach chuaigh sé isteach ag fear ar an Phointe a raibh John Mór air agus ní raibh fáilte ar bith ag John Mór fá na choinne. Bhí se ina luí sa leaba, lig sé ar féin nach bhfaca sé ar chorr ar bith é (gáire).

DÓNALL: (Gáire)

DAN: Ach labhair sé, labhair an fear siúil cúpla uair leis agus níor thug se freagra ar bith air. D'éirigh an fear siúil sa deireadh agus thóg se an t-éadach den leaba agus bhual sé *slap* sa tóin air (gáire) agus shiúl sé amach ar an doras.

DÓNALL: (Gáire)

DAN: Ach bhí Joe, bhí seanduine a bhí dá inse seo do mo, m'athair mór ach bhí Joe ina sheasamh ansin nuair a bhí an scéal a inse aige. Deir Joe "beidh cuimhne agam choíche ar an oíche bhí an galamh gaoithe ag gabháil síos Gaoth Dobhair, Niall Óg Niall Antoin gabháil thart go h-antóra????, baint *salamander* as tóin John Mhór". (Gáire)

DÓNALL: *Jesus.* Agus chum sé sin go díreach ar an, ar an toirt?

DAN: Chum sé sin ina sheasamh, ina sheasamh ann gan é ach cúig ná sé bhliana.

DÓNALL: Ina ghasúr bheag.

DAN: *Aye.*

DÓNALL: *Jesus* nach raibh sé doiligh a chreidbheáil?

DAN: Á, anois bhí sé, bhí sé iontach ceart go leor, an dóigh a raibh sé ábalta a theacht amach le rudaí, bhí.

DÓNALL: Anois a Dan, go ar aghaidh leat ansin.

DAN: Bhí lánuin óg ina gcónaí thoir anseo ag, sráidbhaile na Dúchoraidh, bliain, am amháin, á, tá sé céad go leith bliain ó shin.

DÓNALL: Sea.

DAN: Ach bhí páiste amháin acu, ní raibh sé ach b'fhéidir cúpla mí ach tháinig aicíd craicinn air, creidim *eczema* ná cibé a bhéarfadh siad air an t-am sin. Ach ní raibh dochtúirí le fáil ná a dhath mar sin an t-am. Agus bhí a gcuid leigheasanna féin ag achan duine. Ach bhí, chuir siad achan rud air a dtiocfadhl leo smaoineamh air ach ní raibh gar ann, níos measa a bhí an páiste ag éirí agus ní raibh codladh na hoíche acu ná a dhath mar sin leis agus ní raibh se ábalta a dhath a ól ná dhath ar bith. An oíche seo, ná an tráthnóna seo tháinig an fear isteach agus dúirt sé go raibh meitheal ag teacht aige ag bhaint móna an lá arna mhárach. Agus thosaigh an bhean agus thosaigh sí, rinne sí cúpla toirtín aráin agus mharaigh sí cearc agus nuair a bhí achan rud déanta aici bhí sé, bhí an oíche ann. Agus d'iarr sí ar an fhear a ghabháil a luí, go suífeadh sise tamall leis an leanbh, dóigh a bhfaigheadh sé scríste ná bheadh lá crua roimhe an lá arna mhárach. Ach nuair a chuaigh an fear, nuair a thit an fear ina chodladh, thóg sí an páiste agus chuir sí seál thart air agus d'imigh sí soir an bealach mór leis. Ní dheachaigh sí os cionn leath chéad slat gur casadh fear coimhthíoch uirthi. Agus "a bhean uasail" a deir sé, "nach mall atá tú amuigh leis an pháiste?" D'inis sí do caidé a bhí cearr. "Bhuel" a dúirt sé, "an bhfeiceann tú an crann sin thoir ansin a deir sé, go soir go dtí an crann sin agus thusas os cionn an chrainn ansin" a deir sé, "tá tobar agus abair paidir" a deir sé "agus croith cuid den uisce ar an pháiste". D'imigh sé leis ansin agus shiúl sise léithe agus stop sí ar ais, "caidé an dóigh a bhfuil fear" a deir sí, "coimhthíoch ábalta inse domsa go bhfuil tobar ansin agus mise i mo chónaí anseo i rith mo shaoil agus níor, tá a fhios agam

nach bhfuil tobar ar bith ansin". Nuair a chuaigh sí soir, chuaigh sí suas, bhí tobar beag deas ann agus an ghealach ag soilsiú anuas air. Chuaigh sí ar a dhá glúin agus dúirt sí cúpla paidir agus chuir sí cuid den uisce ar an pháiste. Tháinig sí ar ais na bhaile agus chuir sí isteach sa chliabhán é agus bhí sí ag gabháil a thabhairt rud inteacht le hól don pháiste ach nuair a d'amharc sí, bhí sé ina chodladh. *So, d'fhág sí ansin é agus chuaigh sí a luí.* Agus nuair a mhúscail sí bhí an ghrian ag soilsiú isteach fríd an fhuinneog. Léim sí amach as an leaba agus deir sí léi féin "ó, caithfidh sé go bhfuil sé marbh". Nuair a d'éirigh sí bhí sé ina chodladh leis ansin agus rinne, tháinig na fir ansin agus d'imigh siad amach na phortaigh. Rinne sí sórt bricfeasta daofa agus nuair a d'imigh siad, thóg sí an leanbh le é a nigh agus d'aithin sí go raibh biseach mór air. Á, chuir sí, thug sí rud inteacht le hól do agus chuir sí isteach sa chliabhán ar ais é agus thit sé ina chodladh ar ais agus chodlaidh sé go tráthnóna. Agus nuair a d'amharc sí tráthnóna bhí an scraith dhearg uilig ar shiúl do. Agus níl aon duine a tháinig go dtí an tobar sin ó shin nár leigheasadh le aicid craicinn mar sin. Tá sé thoir ansin macasamhail céad slat ón Dúchoraidh.

DÓNALL: Sea.

DAN: Tháinig na céadta ann.

DÓNALL: Ó déarfainn sin.

DAN: Agus leigheasadh uilig iad.

DÓNALL: Tá an leigheas ann go díreach.

DAN: Cibé,

DÓNALL: Sea.

DAN: Cibé ba chiontaigh leis. *Even* tá fear thíos ansin ar an Chlochán Liath, b'fhéidir go bhfuil aithne agat air, Paidí Campbell.

DÓNALL: Ó, tá a fhios agam é.

DAN: Tháinig rud inteacht ar Phaidí san aghaidh tá cúig ná sé bhliana ó shin. Chuaigh sé ag dochtúirí achan áit, ní raibh siad ábalta a dhath ar bith a dhéanamh do agus ba ghnách, chuaigh sé, bhí sé ag gabháil chuig *specialist* agus achan rud. Ach bhí sé abhus anseo thoir, teach thoir anseo lá amháin ag tabhairt amach snáth agus bhí sé ag inse do na mná a bhí istigh an rud a bhí cearr *so* mholl siad do ghabháil go dtí an tobar. Tháinig se aníos an oíche sin agus tháinig sé aníos trí oíche ina dhiайдh sin. Níor tháinig a dhath ó shin air.

DÓNALL: Agus an ndéarfá gur ailse craicinn a bhí air a Dan, ná?

DAN: Níl, níl a fhios agam caidé a bhí ann, *aye*.

DÓNALL: *But* leigheasfaidh an tobar seo ar scor ar bith é.

DAN: Leigheas sé é.

DÓNALL: Má tá a dhath ar do chraiceann.

DAN: Níor tháinig a dhath ó shin air. Tá cuid mhór eile thart anseo *even, even* bean as Béal Átha Seanaidh tá cúpla bliain ó shin, chuir sí fón anuas anseo.

DÓNALL: Ag fiafraigh do.

DAN: An raibh a fhios ag duine ar bith cá háit a raibh an tobar seo, cibé áit ar chuala sí iomrá air. Ach dúirt an bhean, an bhean, an bhean seo amuigh, chuir sí scéala chuici, á, deir sise léithe "tógfaidh mise buidéal duit má, más mian leat é, ag an tobar". Bhí sí iontach buíoch dá ndéanfaí sin dithi.

DÓNALL: Sea.

DAN: Chuaigh mise soir agus thóg mé an, thóg mé an buidéal dithi agus bliain ina dhiaidh sin bhí sí ag, scéal, cuir scéala anuas ar ais go....

DÓNALL:Leigheasadh í....

DAN:Bhí an ghirseach *alright, aye.*

DÓNALL: *Jesus*, tá sin iontach.

DAN: *Even*, bhí gasúr agam féin anseo, an fear a b'óige, *Aidan*. Nuair a bhí sé óg, tháinig rud inteacht mar sin air. Agus bhí sé trí lá agus trí oíche, buidéal ar bith a d'ólfad sé, chuirfeadh sé amach ar ais é. Agus ní chodlódh sé ar chorr ar bith, screadadh agus ag gabháil ar fad. Fuair muid cúpla dochtúir aige agus bhí cuid acu ag rá gur na cluasa, cuid eile rá ach, achan rud, á, tabhairt *tablets* do agus ní raibh gar ann caidé a gheobhadh sé. Bhí Marion, bhí mé cúpla oíche thusa ag, i mo shuí go maidin ach an Domhnach, Dé Domhnaigh, tháinig Dé Domhnaigh agus chuaigh mé an Aifrinn agus nuair a bhí mé ar mo dhá ghlúin i lár an Aifrinn, thit mé i mo chodladh. Cúpla oíche múscailte go maidin agus bhuail mo chloigeann síos in éadan an *seat*. Agus bhí sé mar a déarfadh duine inteacht liom "cad chuige nach dtógann tú buidéal ag an turas?"

DÓNALL: Sea.

DAN: Tháinig mise na bhaile agus is cos.., tá sé i ndiaidh, i ndiaidh luí gréine i gcónaí a ní siad an turas. Ach chuaigh mise soir, d'fhág mé seo sa gheimhreadh a bhí ann, i dtrátha dheich mbomaite go dtí an cúig agus thiomáin mé soir agus thóg mé an buidéal agus dúirt mé cúpla paidir ag an, nuair a. Bhí mé ar ais i dtrátha an dheich bhomaite i ndiaidh an cúig agus bhí bean an tígh amuigh, gan tormán ar bith a dhéanamh. Bhí sé i ndiaidh titim ina chodladh. Agus chodlaidh sé ó shin, ní raibh a dhath air.

DÓNALL: Ní raibh a dhath air ó shin.

DAN: *No.*

DÓNALL: *So, c'ainm a bhéarfá ar an tobar sin a Dan, thoir?*

DAN: Tobar, bhuelanois, sé an t-ainm a bheir siad air, Tobar Paley, bhí bean ansin a raibh sé ar a cuid talamh a dtabharann siad Paley air.

DÓNALL: Sin ainm....

DAN: Cibé ainm a bhí ar sin, níl a fhios agam.

DÓNALL: Sin leasainm de rud.

DAN: Caithfidh sé gur bé. BHí aithne agam féin ar an, ar an fear a bhí ina chónaí ansin, mac dithi ná rud inteacht, bhí aithne agam féin air, bhí. Andy Shorcha, Andy Shorcha Paley, *aye*. Bhí aithne agam airsean. Bhí.